

# ✿ An Lúibín ✿

26 Meán Fómhair 2020

## Na focail strainséartha

Australia, though dominated by English, is a country of many languages, some indigenous, others brought by migrants. The school system and national attitudes, however, encourage monolingualism. The American experience is similar, in contrast to Europe.

An Béarla atá i réim san Astráil ó chósta go cósta mar an *lingua franca* náisiúnta, mar is eol do chách. Fágann sin, faraor, gur cosúil sinn le tíortha eile a labhraíonn Béarla agus gan aon suim mhór againn i dteangacha eile, cé gur iomaí duine a shocraigh ar Fhraincis a fhoghlaim (abair) agus ar chlis orthu cheal diograise. Is ait an scéal é, ar shlá, agus an oiread sin daoine sa tir a tháinig ó áiteanna eile san Áise, san Eoraip agus san Afraic. Ach téann an teanga mhionlaigh i léig i gceann trí glúine (cé go maireann cuid teangacha Bundúchasacha fós agus go bhfuil roinnt eile á n-athbheochan), agus is bocht an freastal a dhéantar orthu sna scoileanna, tríd is tríd, mar a fheicfear thíos.

Is minic a áítítear sa tir seo go bhfuil fiúntas agus tairbhe ag roinnt le mháistreacht ar theangacha eile agus gur fiú, mar sin, tú a chur leo ar scoil. Tugaimis aird ar na tuairimí a chuir beirt eolach in iúl ar an scéal: an Dr Katherine Bense, a tháinig anseo mar mhúinteoir ón nGearmáin,<sup>1</sup> agus an Dr Ingrid Piller, sochtheangeolaí.<sup>2</sup> Déarfaidís gur cuid d'oiliúint ionlán teanga a fhoghlaim.

Deir Bense nach síltear san Astráil go bhfuil tábhacht le teangacha. Tá an dearcadh seo le haithintní hamháin ar an lín daltaí a fhoghlaimíonn teangacha iasachta agus ar sholáthar na dteangacha sa churaclam ach ar ghnáthchleachtais mhúinteoireachta chomh maith.

Tá curaclam náisiúnta teangacha ar fáil mar áis ó 2014 i leith, ach ní roinntear a oiread ama ar fhoghlaim na dteangacha is a thugtar ina lán tíortha eile. I ndeireadh na dála, fágtaí faoi na daltaí féin teanga a roghnú mar ábhar: ní hé go gcaithfidh gach dalta sa tir teanga eile a fhoghlaim.

Níl cúrsáí ar leith ar fáil sna hollscoileanna do lucht müinte teangacha agus dá bhrí sin tá easpa müínteoirí cálithe ar an tir. Ina theannta sin tá maoiniú agus deiseanna feabhsaithe in easnamh ar mhúinteoirí agus ní furasta dóibh aithne a chur ar a chéile. Ní mór an stádas atá acu mar mhúinteoirí teanga, rud nach meallann mic léinn agus a chuireann iontas ar mhúinteoirí teanga ón Eoraip.

Deir Piller in iúl nach bhfuil ach 10% de dhaltaí ag déanamh staidéar ar theanga nach Béarla í. Tá easpa leanúnachais ar chláir theanga agus níl i müíneadh teangacha ach siombaileachas. Caithfear cúig dhalta dhéag ar a laghad a bheith i rang ar bith, rud a chuireann bac ar theanga a fhoghlaim, ós fearr grúpaí beaga chuige. Níl ach beagán ábhar éigeantach ann sa bláthain dheireanach, rud nach cuidíonn le teanga a thoghadh mar ábhar.

Ní thugtar am a ndóthain do theangacha sa churaclam chun líofacht a bhaint amach. Ní leor céad uair an chloig sa rang chun é sin a dhéanamh. Má tá formhór na dturasóirí eachtrannacha a thagann chun na hAstráile in ann iad féin a chur in iúl trí Bhéarla, is í an chúis atá leis sin an oiliúint mhaith a cuireadh orthu seachas aon rud eile.

San Fhionlainn caithfidh daltaí dhá theanga eile a fhoghlaim ar feadh a gcuid scolaíochta. Déanann os cionn 49% staidéar ar theanga eile fós, agus déanann os cionn 40% staidéar ar an gceathrú teanga. Formhór mór na dtíortha a sholrátháinn oideachas atá ar chomhchéim le hoideachas san Astráil tá teanga éigeantach amháin ar a laghad sa chóras scolaíochta acu.

Deir Piller gur fiú a chuimhneamh gur mian le cuid mhaith tuismitheoirí Astrálacha dhá theanga a bheith ag a gclann. Déanann roinnt tuismitheoirí gustalach a Baccalaureate Idirnáisiúnta a roghnú dá gclann, cáilíocht a bhfuil teanga eile mar dhlúthchuid di, ach ní mór an chabhair an gnáthchuraclam.

<sup>1</sup> Katharina Bense, 'Why is Australia condemning language education to insignificance?' 2014: <http://www.aare.edu.au/blog/?p=859>

<sup>2</sup> Ingrid Piller, 'How to solve Australia's language learning crisis,' 15/6/16: <https://www.languageonthemove.com/how-to-solve-australias-language-learning-crisis/>

Tig linn comparáid a dhéanamh leis an scéal i dtíortha eile. Is minic tráchtairí i Meiriceá ag cur síos ar an scéal, Kathleen Stein-Smith (American Academy of Arts and Sciences), mar shampa: tá an ghnáth-thuairim aici, maidir le daoine a bhfuil dhá theanga acu, gur treise a gcumas cumadóireachta agus gur mó an fháil atá acu ar phoist dhifriúla. Maíonn sí go bhfuil an-tábhacht le teangacha iasachta i Meiriceá i gcúrsaí slándála náisiúnta agus taidhleoireachta. Ach admhaíonn Oifig na Freagrachta Rialtais nach bhfuil a ndóthain teangacha ag beagnach duine as ceathrar sa tSeirbhís Taidhleoireachta. Mar sin féin, tá laghdú mór tagtha ar mhúineadh teangacha iasachta i gcoláistí agus in ollscoileanna Mheiriceá, cé gur dócha go bhfuil méadú ar an méid tumchlár sna meánscoileanna. Ach tá fadhb mhór eile ann: easpa müinteoirí cáilithe.<sup>3</sup>

Deir Amelia Friedman, tráchtare eile, go bhfuil teangacha iasachta ar fáil i bhformhór mór na meánscoileanna ach gur lú ná 1% an lín daoine fásta i Meiriceá atá líofa i dteanga a ndearna siad staidéar uirthi ar scoil.<sup>4</sup> Is deacair líofacht a bhaint amach agus is deacair í a choinneáil.

Maíonn Steph Koyfman (ón gcomhlacht Babbel) gur dócha go ndéanaimid áibhéis ar an lín a labhraíonn Béarla ar fud an domhain. Tá Béarla á labhairt ag níos lú ná an ceathrú cuid de dhaonra an domhain. Fágann sin go bhfuil Meiriceánaigh á scaradh féin ó 80% den domhain agus óna lán deiseanna oibre.<sup>5</sup>

Tá droch-chlú ar mhuintir na Breataine maidir le teangacha, ach b'fhéidir nach bhfuil siad chomh dona lena gclú. Rinne an Coimisiún Eorpach suirbhé a thaispeáin nach bhfuil ach Béarla ag 62% den daonra ach go labhraíonn 33% de na Briotanaigh teanga iasachta amháin ar a laghad. Labhraíonn 18% dhá theanga agus labhraíonn 6% trí cinn nó níos mó. Is ionduil go dtosaíonn daltaí ag foghlaim teanga iasachta nuair atá siad aon bhliain déag, ach is minic a thréigean siad í agus iad ceithre bliana déag.<sup>6</sup>

Tá Eorpaigh na mór-roinne i bhfad níos tugtha do na teangacha ná sinn féin. Bhí 91% de dhaltaí bunscoile agus meánscoile san Eoraip ag déanamh staidéar ar an mBéarla in 2017, de réir Eurostat, brainse statistiúil an Choimisiúin Eorpaigh. Bhí 15% ag déanamh staidéar ar Fhraincis, ar Ghearmáinis agus ar Spáinnis faoi seach (mar thríú teanga, gan amhras).<sup>7</sup>

Chuaigh *An Lúibín* chun cainte le Lonán Ó Lorgnáin, müinteoir teangacha ón Astráil a bhfuil Gaeilge ar a thoil aige. Aontaíonn sé le Bense agus Piller 'ó thaobh chreatlach na scolaíochta agus ó thaobh na hísleachta a chuirtear i leith na dteangacha'. Ba mhaith leis teangacha Bundúchasacha a chur chun cinn sa chóras oideachais.

Féach alt le Lonán (i mBéarla) agus é nasctha leis an ríomhphost seo.



### Athfhás Gaeilge Mhanann

Manx Gaelic is enjoying a notable revival, both in education and in daily use. Certain revivalist scholars have had a strong influence on the modern language in terms of lexical borrowings and idiom, but older texts and recordings are still influential.

Admháitear gur spás sóisialta agus cultúrtha teanga ar bith. Tig le teanga daoine de shleachta éagsúla a tharraingt le chéile in aon phobal amháin (mar a tharla san Astráil nó sna Stáit Aontaithe) nó ligean do phobal beag atuiscint a fháil air féin. Mar sin do Ghaeilge Mhanann. Is féidir le baill den phobal sin leas a bhaint as an teanga ar an dóigh sin mar shiombail, fiú mura bhfuil siad féin in ann í a labhairt – ní gá ach cuimhneamh ar an nGaeilge in Éirinn.

<sup>3</sup> Kathleen Stein-Smith, 'Foreign language classes becoming more scarce,' 2019, American Academy of Arts and Sciences: <https://www.amacad.org/news/foreign-language-classes-becoming-more-scarce#:~:text=Only%20in%20American,how%20to%20speak%20another%20language>

<sup>4</sup> Amelia Friedman, 'America's Lacking Language Skills,' *The Atlantic*, 10/5/15: <https://www.theatlantic.com/education/archive/2015/05/filling-americas-language-education-potholes/392876/>

<sup>5</sup> Steph Koyfman, 'Why Don't Americans Know More Foreign Languages?' 6/10/18, Babbel: <https://www.babbel.com/en/magazine/american-foreign-language-education>

<sup>6</sup> 'British worst at learning languages': <https://esol.britishcouncil.org/content/learners/skills/reading/british-worst-learning-languages#:~:text=62%25%20of%20people%20surveied%20can,population%20speak%20three%20or%20more>

<sup>7</sup> Kat Devlin, 'Most European students learn English in school,' 4/9/20, Pew Research: <https://www.pewresearch.org/fact-tank/2020/04/09/most-european-students-learn-english-in-school/>



Manainn  
Wikimedia Commons

Is beag toirt atá i litríocht thraigisiúnta Ghaeilge Mhanann – an Bíobla agus roinnt téascanna cráifeacha eile. Ní hionann í, mar sin, agus na teangacha Gaelacha eile. Tá an béaloides ann agus tús litríochta nua; tá cosa na teanga curtha i bhfeacanois sa chóras oideachais. In 1999 bunaíodh cumann tuismitheoirí, Sheshaght ny Paarantyn, chun scoil lán-Ghaeilge a chur ar bun. D'oscail Bunscoil Ghaelgagh le cead Roinn Oideachais Mhanann in 2001. Anois tá timpeall seachtó dalta ar scoil ann agus gach rang á múineadh trí Ghaeilge. Is í an t-aon scoil Manainnse ar an oiléan í agus beidh sí á riart ag an Roinn Oideachais feasta. Fágann sin go mbeidh na múinteoirí ar fostú ag an rialtas agus go féadfaidh an bhunscoil tairbhe a bhaint as seirbhísí rialtais, ar nós seirbhísí riachtanas speisialta. Tá an teicneolaíocht chomhaimseartha ann freisin mar chabhair: ffiseáin, podchraoltaí, giolcaireacht, aip do ghutháin chliste.

Tá trácht suimiúl ag an scoláire Gillechríost MacGillEòin (Christopher Lewin) ar athbheochan Ghaeilge Mhanann agus ar an mbaint atá aici sin le hobair na scoláirí.<sup>8</sup> Ní mór idirdhealú a dhéanamh idir caomhnú teanga (i.e. iarracht a dhéanamh ar úsáid agus stádas teanga mionlaigh a threisiú) agus athbheochan teanga (i.e. teanga nach bhfuil cainteoirí dúchais fágtha aici a chur á labhairt arís). B'fhéidir go mbeadh an dá rud ann i dteannta a chéile – cainteoirí dúchas a bheith ann ach pobal nuachainteoirí a bheith ag teacht chun cinn.

Revived Manx, while having many continuities with the traditional variety, is arguably a new language, and the typical speaker will have a heavy English substrate in their phonology and grammar, and also a significant amount of neologistic lexis...

Thosaigh an athbheochan chomhaimseartha sna 1930idí, nuair a thosaigh díograiseoirí ag dul ar thóir na gcainteoirí dúchais deireanacha. Ina theannta sin, lean siad orthu ag déanamh staidéar ar an mBíobla Gaeilge, mar ba nós lena leithéidí roimhe sin.

Níos déanaí, agus go háirithe ó na 1970idí amach, chuir nuachainteoirí béim arís ar an ngnáthchaint agus ar scribhneoireacht nua-aoiseach mar chuid dá n-iarrachtaí an athbheochan a nuachóiriú. Ach bhí na cainteoirí dúchais ag fáil bháis agus téacsanna reiligiúnda, saothair a scríobh cainteoirí dúchais, á gcur i leataobh, rud a d'fhág go raibh nuachainteoirí ag scaradh le foinsí dúchais na teanga. Dá bhrí sin, rinneadh údaráis de dhaoiné móra na hathbheochana agus de na téacsleabhair, de na foclóirí agus den litríocht a sholáthair na daoine úd. Orthu sin bhí an tUrramach Robert L. Thomson agus Douglas Fargher.

D'fhoilsigh Thomson mórán ar theanga agus ar litríocht Mhanann. Ba scoláire Ceilteach é a d'fhoilsigh eagrán de sheanteácsanna i mBreatnais agus i nGaeilge na hAlban. Chuidigh sé go mór le hathbheochan Ghaeilge Mhanann, go háirithe mar eagarthóir acmhainní oideachais agus mar bhall den choiste aistriúcháin, Cooncil ny Gaelgey. Bhí Fargher ina ghníomhá díograiseach agus d'fhoilsigh sé foclór tábhachtach Béarla-Gaeilge (1979). Tríd is tríd, bhí Thomson ina chaomhnóir, ag baint tairbhe as foirmeacha traidisiúnta na teanga, agus bhí Fargher níos radacaí agus é sásta focail a bhaint as na teangacha Gaelacha eile. D'fhág léann a linne a rian ar a n-aigne agus bhí fonn orthu beirt an truailliú (dar leo) a għlanadh den teanga.

Deir Lewin go bhfuil fonn ar Thompson 'nádúr na teanga' a chaomhnú: má thógann sé focail ó theangacha eile, cuireann sé an cruth orthu a bheadh orthu dá dtóigfaí isteach iad na céadta bliain ó shin. Tógaonn Fargher focail freisin, ach tá sé níos treorai: 'I make no apology whatsoever for attempting to restore to the Manx language mutations, genders and certain other characteristics of Gaelic which without doubt existed in pre-literary and classical Manx but which had already disappeared before the final demise of the native speakers...'.

Iomportálaí dána is ea Fargher: tugann sé a lán cora cainte isteach gan admháil ó Ghaeilge na hÉireann agus na hAlban ar son na 'glaine' agus fágann a lán foirmeacha traidisiúnta ar láir. Deir sé go n-athraíonn teangacha go

<sup>8</sup> Christopher Lewin, 'Scholarship and Language Revival: Language Ideologies in Corpus Development for Revived Manx': [https://www.researchgate.net/publication/319445232\\_Scholarship\\_and\\_Language\\_Revival\\_Language\\_Ideologies\\_in\\_Corpus\\_Development\\_for\\_Revived\\_Manx](https://www.researchgate.net/publication/319445232_Scholarship_and_Language_Revival_Language_Ideologies_in_Corpus_Development_for_Revived_Manx)

nádúrtha, ach i ndáiríre, dar le Lewin, tugann seo cead dó a chuid athruithe féin a dhéanamh. Cé go gcloíonn sé le hidé-eolafocht íonaíoch, tá sé réadúil chomh maith: caithfidh an teanga teacht slán, agus tá sé sásta glacadh le fuaimníú Béarlaithe i measc rudaí eile.

Tá údarás fós, áfach, leis an seantéacsanna agus le taifeadadh na gcainteoirí dúchais mar bhunús na teanga nua. Pé athruithe a dhéantar, tá meas ar an traidisiún.

Éist le Doug Fargher anseo (1977):

<https://www.culturevannin.im/watchlisten/audioarchive/doug-fargher-interview-on-manx-radio-1977/>



### Na báid faoin loch

*Ireland has always been a land of boats, with skilfully fashioned dugout craft for a long time being supreme, as shown by archeological remains from the Bronze Age onwards.*

Éire: tír lochanna agus aibhneacha, ina raibh gá riamh le báid. Cuimhnímis, mar sin, ar stair na hÉireann sa ré réamhstairiúil de réir na seandálaíochta. Tháinig na chéad daoine roimh 10,000 RCh (BC) ina sealgairí cróna; lean feirmeoír iad am éigin roimh 4000 RCh – an dream a thóg na leachtaí móra Neoliteacha; ansin, timpeall 3000 RCh, tháinig dream nua a bhí tar éis a mbealach a dhéanamh aneas ón Spáinn. Astu siúd is mó a fáisceadh na hÉireannaigh atá anois ann, agus thug siad leo an mhíotalóireacht. Is dócha gurb iadsan a rinne na báid is sine dá bhfuil a n-iarsmaí le fáil, báid a rinneadh de chrainn ollmhóra nach bhfuil a leithéidí ag fás anois. Scaobtaí an croí as crann chun cabhail fholamh a dhéanamh, obair a mbeadh oiliúint ag teastáil chuige. Crann snámha nó 'báid scaobtha' a bheadh agat ansin.

Tá Loch Coirib i gContae na Gaillimhe ar cheann de na lochanna is mó sa tír agus méid 176 ciliméadar cearnach ann, agus tá grinneall an locha go maith chun iarsmaí seandálaíocha a chaomhnú. Agus tá iarsmaí eile i bhfolach sna portaigh.

Is iomaí rud aimhrialta a fuair an Captaen Trevor Northage, suirbhéir mara a bhí ag déanamh léarscáil de Loch Coirib i gContae na Gaillimhe. Is fios anois go bhfuil os cionn deich mbád ina measc, cuid acu an-sean. Rinne tumadóirí de chuid an Aonaid Fho-Uiscí Sheandálaígh (aonad den tSeirbhís Náisiúnta Séadchomharthaí) cuardach sa loch in 2014. Tá dátú déanta ar chúig bhád scaobtha, ón Luath-Chré-umhaois (c. 2500 RCh) anuas go dtí an 11ú haois.



Loch Coirib  
Wikimedia Commons

Is í an báid is sine agus is toirtíula díobh báid Eanach Caoin, soitheach atá dhá mhéadar déag ar fad agus a rinneadh timpeall 2500 RCh. Caomhnaíodh í go maith i ndríodar orgánach an locha: tá slat droma inti atá 2-3 ceintiméadar ar airde agus atá ag rith ó cheann ceann an urláir. Tá ceithre dromanna trasna inti atá cosúil le heasnacha, agus tá na suíocháin féin caomhnaithe.

Tá báid Eanach Caoin chomh sean le tóchar darach a nocth na stoirmeacha ar chósta thuaidh na Gaillimhe roinnt blianta ó shin. Rinneadh é in 1700 RCh, timpeall an ama a raibh leibhéal na farraige ag éirí agus ag sloganach na coille a bhí ag fás i mbá na Gaillimhe. Dúirt scoláire amháin go mb'fhéidir go raibh baint ag an tóchar le trach adhmaid a raibh seacht slat déag coill ina thimpeall agus a usáideadh mar fhulacht fiadh.

Fuarthas báid na Lorgan in 1901 i bportach Eadargúil, áit a bhí ina loch fadó, agus taispeánann dátú radacarbóin go ndearnadh í timpeall 3900 RCh. Tá sí déanta de chabhail ollmhór dharach, í os cionn ceithre mhéadar déag ar fad agus méadar ar leithead. Thóg sé tamall fada orthu í a thabhairt ón Lorgan go Tuaim, áit ar tháinig slua chun í a fheiceáil, 'the great majority taking away chips of it as souvenirs' (*Tuam Herald*, Eanáir 25, 1902). Tugadh as sin

go Baile Átha Cliath í. Istigh sa bhád tá dromanna atá cosúil le heasnacha, iad ag roinnt na cabhlach ina codanna agus roinnt poll beag a bhféadfaí rudaí a cheangal leo.

Fuarthas bád scaobtha i ngar d’Oileán Uí Laoigh agus í 3,400 bliain d’aois. Úsáideadh na bealaí ba nua chun í a dhéanamh. Níl ann ach tóin an bháid, ach tá cléataí ann (lúba adhmaid sa tóin) chun greim a choinneáil ar an slata a cheangail dhá chuid den bhád le chéile. Seo an chéad sampla atá againn den chleas seo in Éirinn.

Fuarthas bád eile in aice le Ceathrú Mhór an Chnoic, ceann a rinneadh sa 11ú nó sa 12ú haois. Bhí airm de dhéanamh Lochlannach istigh ann, ach creidtear gurbh Éireannaigh iad na laochra. Sampla maith, mar sin, den chómheascadh cultúrtha.

Le léamh :

<https://www.archaeology.co.uk/articles/features/the-logboats-in-the-lake.htm>

<http://irisharchaeology.ie/2014/10/the-lurgan-canoe-an-early-bronze-age-boat-from-galway/>



### An platapas i mbaol

The platypus is the oddest of Australian creatures. Now it is in danger from habitat loss, introduced predators and a changing climate.

Is iomaí duine atá faoi gheasa ag an bplatapas (*Ornithorhynchus anatinus*) – a ghob lachan, a chosa scamallacha, a fhionnadh uisceadhónach. Bhíodh na mílte ann ach anois tá an platapas i mbaol, cé nach ionann sin is a rá go bhfuil díothú i ndán dó fós. Tá iarrachtaí á ndéanamh ar é a phórú i ngéibheann, ach is deacair é a dhéanamh.

Monaitréimeach é an platapas – mamach a bheireann uibheacha. Tá eicidnígh ann a dhéanann an cleas céanna, ach rud an-neamhchoitianta é. Tá an iontaise is sine timpeall 100,000 bliain d’aois. Tugann na hiontaisí agus an clog móilíneach<sup>9</sup> le fios gur scar platapais agus eicidnígh ó chéile idir 19–48 milliún bliain ó shin.



Platapas  
Wikimedia Commons

Ní ainmhí mór é an platapas: an ceann fireann timpeall 50 ceitiméadar ar fad, an ceann baineann beagán níos giorra – timpeall 43 ceitiméadar. Droim dúdhonn orthu agus bolg níos gile. Fionnadh garbh orthu ar an taobh amuigh agus fionnadh mín thíos, é díonach ar uisce agus sraith aeir mar insliú idir fionnadh agus craiceann. Tá síúile an-ghéara ag an bplatapas, ach dúnann idir shúile agus chluasa nuair a théann sé faoi uisce, agus caithfidh sé tairbhe a bhaint as a ghob, rud bog iogair, chun a bheith ag smúrthacht roimhe, chun bia a lorg agus chun díluchtuithe leictreacha a chreiche a bhrath. Baineann an platapas cothú as an bhfeoil: itheann sé péistí, larbhaí feithidí, séaclaí agus piardóga fíorusce, agus tugann sé a chuid creiche leis i máilíní a leicinn aníos go barr uisce lena hithe. Ní mór dó timpeall 20% dá mheáchan féin a ithe gach lá agus caithfidh sé timpeall dhá uair déag an chloig a chaithreamh gach lá i mbun seilge.

Ní fios go cruinn cá mhéad platapas atá ann, ach tá fianaise ann go bhfuil a ndaonraí ag dul i laghad in oirdheisceart na hAstráile, áit a mbídís líonmhar. Ar theacht na gcoilíneach maraíodh na mílte platapas ar son a bhfionnaidh, agus is dócha gur mhór an buille orthu é. Tá a ngnáthóg á cúngú orthu, go háirithe trí glanadh talún agus trí dhambáí a bhacann sruthú nádúrtha an uisce. Is iomaí platapas a bháitear trí dhul i bhfostú i mbruscar, go háirithe doruithe a caitheadh i dtraipisí agus gaistí piardóig. Bhí siad ina gcreach riamh ag nathracha, francaigh uisce, laghairtí móra, seabhaic, iolair agus ulchabháin, ach tá siad á mbualadh anois ag cait, ag madraí agus ag madraí rua.

<sup>9</sup> Tugtar clog móilíneach ar an dóigh a n-úsáidtear ráta sóchán na mbithmhóilíní chun a dhéanamh amach cén uair a scar dhá fhoirm bheo ó chéile. Is iondúil a mbaintear feidhm as seichimh núicléitíde in DNA, as RNA nó as seichimh aimínaigéid i bpróitíeiní.

Diantriomach agus tinte ollmhóra an chontúirt is déanaí atá ag bagairt orthu, toisc go dtriomaítear na huiscí éadoimhne atá mar áit chónaithe acu. Is fuath leo teas os cionn tríocha céim Celsius, agus is iondúil go bhfágann platapas óga poll a máthar sna míonna is teo san Astráil – Eanáir agus Feabhra. Is baolach, mar sin, gur beag acu a thiocfaidh slán agus an aeráid ag athrú. Deir staídéar nua go bhféadfadh laghdú 47% teacht ar líon na bplatapas faoi 2070.

Le léamh:

<https://www.smithsonianmag.com/smart-news/things-are-bleak-platypuses-facing-drought-and-fires-180974068/>

<https://www.environment.nsw.gov.au/topics/animals-and-plants/native-animals/native-animal-facts/platypus#:~:text=the%20first%20time.-,Threats,as%20foxes%2C%20cats%20and%20dogs.>

**Mura mian leat An Lúibín a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au.**

*If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au.*

## Dhá dhán le Colin Ryan

### Díthreabhdh

Faoi fhíoracha na spéire  
a chuaigh sé ina dhíthreabhach  
ar lorg Dé:  
thuig sé faoi dheireadh  
faoi chraobhacha na coille  
nár bh fhéidir leis Dia a aimsiú  
ach trí ligean don ghaoth  
a ghabháil tríd  
trí ligean don bheach a cuid meala  
a dhéanamh istigh ann

### Bansagart

Ní raibh sna déithe dúrúnda  
i mbun an teampaill  
ach seachmall intinne  
ná i gcumhracht na túise  
ach meabhlú:  
rudaí a bhain  
le hoibriú an taibhrimh

cén fáth mar sin  
ar dhúisigh sí  
agus comhartha doscriosta  
ar a cneas

comhartha cuar  
an bhandé